

SEÁN DE BARRA SGOLÁIRE BOCHT

Seán de Barra a tháinig i ndiaidh Bhriain Uí Laidhe. Máighistir scoile a bhí ann. Bhí sé an-fhoghlumta . Bhí Laidin aige agus Béarla agus bhí sé ina Freemason. Bhí sé a' múineadh san Aird. Bhí na sgoiláirí ina bhfir óga aige. D'fhiafraigh sé díobh lá ar mhaith leob an diabhal a fheiceál. Shíleadar gur a' déanamh grinn a bhí sé agus dubhradar go mba mhaith. Faoi cheann chúig mhóiméad bhí an diabhal tugtha aníos tríd an urlár aige agus rith gach a raibh de sgoiláirí sa teach nuair a chonaiceadar é. Chuaidh Seán de Barra amach agus bhlaoide sé orthab. Dubhairt sé leob gan faitchíos a bheith orthab go raibh sé curtha síos aríst aige. Tháinig cuid acab agus tuilleadh nach dtáinig. Tráthnóna nuair a chuaidh siad abhaile i gceann a muinntear bhí chuile dhuine ag innseacht an t-iongantas a chonnaic sé.

B'fhearr dúinn, adeir cuid dá muinntir, a dhul agus é innseacht don tsagart. Bhí an sagart naoi nó deich de mhílte as an áit. Tháinig sé nuair a hinnsigheadh an sgéal dó, go dtí Seán de Barra.

"Tá sé innsighthe dom" adeir an sagart, "go bhfuil tú indon an diabhal a thabhairt aníos tríd an urlár. Is fearr a dhéanamh nó go bhfeice mé a bhfuilir."

Thosuigh Seán ag cainnt agus faoi cheann chúig mhóiméad chuir sé seo dhá adhairc aníos . "Ó a Sheáin" adeir an sagart, "ná leig aníos níos faide é". "Tá sé ansin anois", adeir Seán, "agus cuir féin síos é". Chuir Seán an bealach céadna síos aríst é ar chomhairle an tsagairt.

Labhair an sagart le muinntir a' bhaile agus dubhairt sé leob é a dhíbirt uiliug as an áit. Níor thugadar aon lóisdín ní ba mhó dó agus b'éigin dó imtheacht.